FOIRM RIACHTANAIS ÁITIÚIL

(Le comhlánú i gcás gach Iarratas Pleanála ar thithíocht tuaithe)

Líon isteach an fhoirm seo ina hiomláine le do thoil

Sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo, moltar duit staidéar a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027 agus go háirithe Cuid 9.4 ina leagtar amach beartas maidir le riachtanais tithíochta tuaithe.

https://consult.meath.ie/en/consultation/consolidated-meath-county-development-plan-2021-2027-as-varied

Tá cóipeanna den Phlean Forbartha Contae ar fáil lena n-iniúchadh/le ceannach agus le feiceáil ar líne ag www.meath.ie nó ag an Roinn Pleanála, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí C15 Y291 nó ag líonra na Leabharlann Brainse i gCo. na Mí.

1. Sonraí an Iarratasóra

	Iarratasóir 1				**Iarratasóir 2 (más infheidhme)**			
Ainm								
Seoladh Reatha								
An fad ama atá tú i do chónaí ag an seoladh seo?								
An bhfuil an chóiríocht seo	**Faoi úinéireacht**		**Ar léas**		**Faoi úinéireacht**		**Ar léas**	
	Eile				**Eile**			

	Iarratasóir 1	Iarratasóir 2 (más infheidhme)
(cuir tic (✓) sa rogha ábhartha le do thoil)	Más 'eile' a roghnaigh tú, tabhair sonraí le do thoil:	Más 'eile' a roghnaigh tú, tabhair sonraí le do thoil:
Ainm & Seoladh an Tiarna Talún (más infheidhme)		
Caidreamh leis an úinéir/tiarna talún (teaghlach/tríú páirtí srl.)		

	Iarratasóir 1	Iarratasóir 2 (más infheidhme)
Slí bheatha		
Ainm & Seoladh an fhostóra/na bhfostóirí reatha		
Áit Oibre		
Fad ón láithreán iarratais go dtí an áit oibre (km)		

2. Critéir do Riachtanas Tithíochta Tuaithe
Léirigh thíos an catagóir riachtanas tithíochta tuaithe a léiríonn an t-iarratasóir/na hiarratasóirí.

(Ba cheart d'iarratasóirí Cuid 9.4 de Phlean Forbartha na Mí a léamh le haghaidh sonraí iomlána na gcatagóirí seo lena chinntiú go gcomhlíonann siad na critéir chéanna).

	Ticeáil mar is infheidhme (✓)

Rannpháirtíocht shuntasach sa talmhaíocht	
Fostaíocht shuntasach sa tionscal stoc folaíochta agus eachaí, san earnáil foraoiseachta, agrathurasóireacht nó san earnáil ghairneoireachta	
Daoine a chaith tréimhsí fada dá saol ina gcónaí i gceantair thuaithe mar dhaoine den phobal tuaithe seanbhunaithe ar feadh tréimhse is faide ná cúig bliana agus nach bhfuil áit chónaithe acu.	
Daoine a tháinig ó cheantair thuaithe ó dhúchas agus atá i gcásanna tithíochta faoi bhun caighdeáin nó neamhghlactha	
Imircigh ag filleadh	
Daoine a bhfuil a gcuid fostaíochta bunaithe faoin tuath	
Cúinsí sláinte eisceachtúla	
Cúinsí airgeadais dosheachanta	
Diúscairt gnó agus tí cónaithe gaolmhar	

3. Cónaí le 5 bliana anuas

Iarratasóir 1

Seoladh	Tréimhse Ama

Iarratasóir 2 (más infheidhme)

Seoladh	Tréimhse Ama

4. Seoladh Teaghlaigh i gCeantar Tuaithe (más infheidhme – féach Ceist 2)

Iarratasóir 1	Iarratasóir 2 (más infheidhme)

5. Úinéireacht Réadmhaoine

	Iarratasóir 1				Iarratasóir 2 (más infheidhme)			
An bhfuil réadmhaoin agat? (Cuir tic le do thoil ✓)	**Tá**		**Níl**		**Tá**		**Níl**	
Más 'tá' an freagra thuas, tabhair sonraí faoi shuíomh na réadmhaoine sin.								
An ndearna tú réadmhaoin a dhíol riamh? (Cuir tic le do thoil ✓)	**Tá**		**Níl**		**Tá**		**Níl**	
Más 'díol' an freagra thuas, tabhair sonraí, lena n-áirítear an chúis a bhí leis an réadmhaoin a dhíol								

6. An láithreán iarratais

Ainm úinéir láthair an iarratais				
Caidreamh úinéir an láithreáin leis an iarratasóir (e.g. tríú páirtí, gaol teaghlaigh)				
An bhfuil aon tithe eile forbartha ar an ngabháltas talún as ar tógadh an láithreán?	**Tá**		**Níl**	
Más é 'tá' an freagra thuas, tabhair sonraí, lena n-áirítear uimhreacha tagartha an iarratais phleanála.				

7. Cónaí sa cheantar

Sonraigh an raibh/cathain a bhí cónaí ort go deireanach sa cheantar ginearálta ina bhfuil an láithreán suite	

8. Doiciméid tacaíochta

Cinntigh an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach le d'iarratas:

(a) Léarscáil ina bhfuil suíomh theach an teaghlaigh/áit chónaithe reatha agus suíomh láithreán an iarratais.

(b) Sonraí iomlána an ghabháltais as ar tógadh an láithreán iarratais (fóilió agus léarscáil chlárlann na talún).

(c) Ba cheart fianaise dhoiciméadach ~~a cuireadh isteach~~, rud a léiríonn do riachtanas tithíochta tuaithe mar a luaitear i gCeist 2 a bheith thíosliostaithe. Seo a leanas samplaí den fhaisnéis:

- Fianaise dhoiciméadach ar Naisc Bhunúsacha an iarratasóra leis an gceantar, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme: Cóip d'iontráil an iarratasóra ar Chlár na dToghthóirí, Fianaise ar fhreastal ar Scoil Áitiúil deimhnithe i scríbhinn ag an Scoil, Fianaise ar Bhallraíocht i ngrúpaí pobail/spóirt áitiúla; litir ó Institiúid Airgeadais ina ndeimhnítear an seoladh, Billí fóntais ina ndeimhnítear an seoladh.
- Cúinsí Sláinte/Airgeadais/Cóiríochta Neamhghlactha (Féach ar Chuid 9.4)

Cinntigh faisnéis phearsanta amhail uimhir PSP/uimhir theileafóin/uimhir chuntais bhainc agus idirbhearta, faisnéis leighis, srl. a cheilt.

1.

2.

3.

4.

5.

6.

7.

8.

9.

10.

Tabhair faoi deara: Féadfaidh an tÚdarás Pleanála faisnéis bhreise a lorg seachas an fhaisnéis atá leagtha amach thuas más gá.

9. Dearbhú

Dearbhaím leis seo go bhfuil an fhaisnéis thuas ceart ar feadh m'eolais

Síniú Iarratasóra 1: _____

Síniú Iarratasóra 2: _____

Dáta: _____

Tabhair faoi deara, go bhféadfaí sé go gcuirfeadh isteach ar mheasúnú an iarratais má thugtar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, nó mura gcomhlánaítear an fhoirm go cruinn agus go hiomlán agus mura gcuirtear isteach doiciméid tacaíochta.

Cuid 9.4 de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027

Chun cabhrú le freagraí ar Cheist 2, tá téacs ó Ailt 9.4 agus 9.5 de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027 san áireamh thíos ina leagtar amach catagóirí daoine a mheastar a bheith ina gcuid bhunúsach den phobal tuaithe. Ba cheart d'iarratasóirí/ghníomhairí a chinntiú go ndéanann siad athbhreithniú iomlán ar Chaibidil 9 chun a bheith eolach faoin réimse iomlán beartais maidir le tithíocht tuaithe, chomh maith le caibidlí ábhartha eile den Phlean Forbartha, amhail Caibidil 11 ina dtugtar sonraí faoi chaighdeáin bhainistíochta forbartha, agus Treoir Deartha Tithe Tuaithe na Mí. Tá na doiciméid seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae na Mí.

<u>Sliocht as Cuid 9.4 - Daoine atá ina gCuid Bhunúsach den Phobal Tuaithe</u>
Leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe go n-aithníonn Údaráis Phleanála agus beartais á gceapadh acu an tábhacht a bhaineann le naisc theaghlaigh agus naisc le ceantar áitiúil amhail paróiste, baile fearainn nó ceantar ina bhfuil scoileanna áitiúla agus clubanna spóirt. Chomh maith leis sin, tugann sé buntáistí dearfacha do cheantair thuaithe agus cothaíonn sé pobail thuaithe trí ligean do dhaoine tógáil ina gceantair áitiúla ar shuíomhanna oiriúnacha. Tacóidh an tÚdarás Pleanála le tograí le haghaidh áitribh aonair ar shuíomhanna oiriúnacha i gceantair thuaithe a bhaineann le fostaíocht a bhaineann le hacmhainní nádúrtha i gcás inar féidir leis an iarratasóir:

- Léiriú soiléir a thabhairt ar fhíor-riachtanas le haghaidh áit chónaithe ar an mbonn go bhfuil baint shuntasach ag an iarratasóir leis an talmhaíocht. Sna cásanna sin, beidh sé de cheangal ar an iarratasóir doiciméid tacaíochta a sholáthar don Údarás Pleanála á dhearbhú go bhfuil cineál na gníomhaíochta talmhaíochta, trí thagairt a dhéanamh d'achar na talún agus/nó déine a húsáide, leordhóthanach chun tacú le slí bheatha lánaimseartha nó pháirtaimseartha shuntasach. Meastar freisin go mbeadh daoine a ghlacann úinéireacht agus reáchtáil feirmeacha teaghlaigh agus/nó mic agus iníonacha feirmeoirí san áireamh sa chatagóir seo de riachtanas áitiúil. Cuirfidh an t-iarratasóir in iúl don Údarás Pleanála cé chomh suntasach is atá a gcuid fostaíochta. I gcás ina bhfuil daoine fostaithe go páirtaimseartha, is í an fheirmeoireacht / an tslí bheatha a bhaineann le hacmhainní nádúrtha an phríomhshlí bheatha. Ba cheart a shonrú, i gcás ina bhfuil iarratasóir ina chónaí sa cheantar freisin, nach de ghnáth a bheidh sé ag teastáil cruthúnas a thabhairt maidir le léiriú go bhfuil an fhostaíocht talmhaíochta nó acmhainní tuaithe i réim.

- Léiriú soiléir go bhfuil a bhfostaíocht shuntasach sa tionscal stoc folaíochta agus eachaí, san fhoraoiseacht, san agrathurasóireacht nó san earnáil ghairneoireachta agus gur féidir leo a léiriú gur gá dóibh cónaí i gceantar tuaithe i ngarchomharsanacht a gcuid fostaíochta chun a gcuid fostaíochta a dhéanamh. Sna cásanna sin, beidh sé de cheangal ar an iarratasóir doiciméid tacaíochta a sholáthar don Údarás Pleanála á dhearbhú go bhfuil cineál na gníomhaíochta, trí thagairt a dhéanamh d'achar na talún agus/nó déine a húsáide, leordhóthanach chun tacú le slí bheatha lánaimseartha nó pháirtaimseartha shuntasach. Cuirfidh an t-iarratasóir in iúl don Údarás Pleanála cé chomh suntasach is atá a gcuid fostaíochta. Sa chás ina bhfuil daoine fostaithe go páirtaimseartha, is í an phríomhshlí bheatha ná sa tionscal stoc folaíochta agus eachaí, foraoiseacht, agrathurasóireacht nó gairneoireacht. Ba cheart a shonrú, i gcás ina bhfuil iarratasóir ina chónaí sa cheantar freisin, nach de ghnáth a bheidh sé ag teastáil cruthúnas a thabhairt maidir le léiriú go bhfuil an fhostaíocht talmhaíochta nó acmhainní tuaithe i réim.

Aithníonn an tÚdarás Pleanála leas daoine atá áitiúil nó nasctha le ceantar tuaithe, nach bhfuil ag gabháil do shlí bheatha shuntasach talmhaíochta nó acmhainní tuaithe, maireachtáil i gceantair thuaithe. Chun críocha na coda seo den bheartas, meastar go n-áirítear leis na daoine seo a leanas daoine atá ina gcónaí i gceantar:

- Daoine a chaith tréimhsí fada dá saol ina gcónaí i gceantair thuaithe mar dhaoine den phobal tuaithe seanbhunaithe ar feadh tréimhse is faide ná cúig bliana agus nach bhfuil áitreabh acu nó nach raibh áitreabh acu roimhe seo inar chónaigh siad nó a bhfuil áitreabh acu nach bhfuil cónaí orthu inti faoi láthair;

- Daoine a tháinig ó cheantair thuaithe ó dhúchas agus atá i gcásanna tithíochta faoi bhun caighdeáin nó neamh-inghlactha agus a bhfuil dlúthnaisc theaghlaigh leanúnacha acu le pobail thuaithe amhail bheith ina máthair, ina n-athair, ina ndeartháir, ina ndeirfiúr, ina mac, ina n-iníon, ina gcliamhain, nó ina mbanchliamhain le duine seanbhunaithe den phobal tuaithe agus a chónaíonn sa cheantar tuaithe ar feadh deich mbliana ar a laghad;

- Imircigh atá ag filleadh a raibh cónaí orthu ar feadh cuid mhór dá saol i gceantair thuaithe, a bhog thar lear ansin agus ar mian leo anois filleadh chun cónaí in aice le baill teaghlaigh eile, chun oibriú go háitiúil, chun aire a thabhairt do bhaill níos sine dá dteaghlach nó chun dul ar scor, agus;

- Daoine a bhfuil a gcuid oibre bunaithe faoin tuath, amhail múinteoirí i mbunscoileanna tuaithe nó a bhfuil a gcuid oibre den chuid is mó ar siúl laistigh den cheantar tuaithe ina bhfuil siad ag iarraidh a gcéad teach a thógáil, nó atá oiriúnach do shuíomhanna tuaithe amhail feirmeoirí nó ceardaithe agus a bhfuil riachtanas tithíochta acu.

Aithníonn an tÚdarás Pleanála freisin go bhféadfadh cúinsí sláinte eisceachtúla a cheangal ar dhuine maireachtáil i dtimpeallacht ar leith nó gar do thacaíocht teaghlaigh. I gcásanna den sórt sin, bheadh gá le doiciméid tacaíochta ó chleachtóir leighis cláraithe agus ó eagraíocht míchumais a thacaíonn le hiarratas pleanála i gcás na gcúinsí sláinte eisceachtúla. In éagmais

aon chúiseanna suntasacha comhshaoil, rochtana nó tráchta le diúltú agus má chloíonn an togra le critéir íogaire deartha agus suímh, breithneoidh an tÚdarás Pleanála cead pleanála a dheonú, faoi réir coinníollacha maidir le háitíocht, más iomchuí.

I gcás inar féidir le hiarratasóir ar theach eisceachtúil faoin tuath a léiriú, trí fhianaise dhoiciméadach a chur isteach, gur díoladh a n-áit chónaithe bhunaidh mar gheall ar chúinsí airgeadais dosheachanta, breithneofar iarratais den sórt sin ar a bhfiúntais aonair, i gcás ina gcomhlíonann an t-iarratasóir critéir riachtanais tithíochta áitiúla. Ní sháraíonn an breithniú seo na gnáthchritéir mheasúnaithe eile mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha seo do theach eisceachtúil.

I gcás ina bhfuil iarratasóir ina chónaí i gceantar tuaithe ar feadh tréimhse fada ama, ar tréimhse í atá níos faide ná na 10 mbliana as a chéile roimhe sin, in áitreabh atá ceangailte lena ghnó, amhail feirmeoireacht, agus go bhfuil an gnó agus an t-áitreabh san áireamh á dhíol le haghaidh scoir nó imthosca eile, breithneofar iarratais den sórt sin ar a bhfiúntais aonair, i gcás ina gcomhlíonann an t-iarratasóir critéir riachtanais tithíochta áitiúla. Éascóidh an tÚdarás Pleanála comhairliúchán réamhphleanála i gcúinsí den sórt sin.

9.5 Gach Ceantar

9.5.1 Critéir Mheasúnaithe Forbartha

Cuirfidh an tÚdarás Pleanála na nithe seo a leanas san áireamh freisin agus tograí aonair le haghaidh tithíocht thuaithe eisceachtúil á measúnú acu:

- Cúlra riachtanais tithíochta an iarratasóra/na n-iarratasóirí ó thaobh na fostaíochta, naisc shóisialta láidre le ceantair thuaithe agus a muintir dhílis mar a shainmhínítear i gCuid 9.4 Daoine atá ina gCuid Bhunúsach den Phobal Tuaithe;
- Imthosca áitiúla amhail an méid forbartha atá déanta ar an gceantar máguaird agus an treocht atá ann go bhfuil an ceantar ag éirí rófhorbartha;
- An méid forbartha atá ann cheana féin ar an ngabháltas talún bunaidh as ar tógadh an láithreán, lena n-áirítear a mhéid atá tithíocht tuaithe a ceadaíodh roimhe seo á coinneáil faoi áitíocht teaghlaigh. Sa chás ina bhfuil stair forbartha cónaithe aonair ar an ngabháltas talún trí dhíol amhantrach suíomhanna, féadfar cead a dhiúltú;
- Oiriúnacht an láithreáin maidir le rochtain, diúscairt fuíolluisce agus suíomh tí i gcomparáid le beartais agus cuspóirí eile an phlean seo;
- An méid a d'fhéadfaí an togra a mheas mar fhorbairt inlíonta.

9.5.2 Forbairt Ribíneach

Meastar gur forbairt ard-dlúis de chineál éadanais bóthair beagnach leanúnach í forbairt ribíneach, mar shampla i gcás ina bhfuil 5 theach nó níos mó ar aon taobh amháin de 250 méadar ar leith d'éadanas bóthair. (Tabhair faoi deara, i ngach cás ina dtagraítear d'fhorbairt ribíneach sa Phlean Forbartha seo, go mbeidh feidhm ag an sampla atá in Aguisín 4 de na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir Le Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe mar a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG) i mí Aibreáin 2005 iad). Braithfidh sé ar na nithe seo a leanas an ndéanfaidh togra áirithe forbairt ribíneach den sórt sin a ghéarú nó an bhféadfaí é a bhreithniú amhlaidh:

- An cineál ceantair thuaithe agus cúinsí an iarratasóra;
- An méid a d'fhéadfaí an togra a mheas mar fhorbairt inlíonta, agus;
- An méid a leathnófaí forbairt ribíneach atá ann cheana féin nó an mbeadh limistéir ar leith d'fhorbairt ribíneach á gcomhtháthú mar thoradh ar an bhforbairt.

Déanfaidh Comhairle Chontae na Mí a dícheall teacht ar thuairim chothrom agus réasúnta maidir le léirmhíniú na gcritéar thuas agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh, lena n-áirítear stair phleanála na ceantair agus brúnna forbartha.